An Coimisiún Eorpach



# CEARTA NÁISIÚNACH DEN RÍOCHT AONTAITHE I GCÁS BREXIT GAN MHARGADH

Márta 2019

## Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé a bhfuil cónaí orm i mBallstát den Aontas. An mbeidh an ceart agam leanúint de bheith i mo chónaí san Aontas Eorpach tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach?

Maidir le náisiúnaigh den Riocht Aontaithe a mbeidh cónaí dlíthiúil orthu ar chríocha na mBallstát ar dháta an tarraingt siar, tá bearta á n-ullmhú ag na Ballstáit uile chun a chinntiú go measfar cónaí dlíthiúil a bheith ar na náisiúnaigh sin go fóill.

Mar sin féin, a luaithe agus a fhágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach, ní saoránaigh den Aontas Eorpach a bheidh i náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a thuilleadh ach náisiúnaigh tríú tír. Dá bhrí sin, i bprionsabal, ní thiocfaidh tú faoi rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht a thuilleadh.

I mbeagán focal, fiú amháin má tá ceart buanchónaithe i mBallstát bainte amach agat, cuir i gcás, ní hionann sin agus a rá go mbeidh sé de cheart agat dul ag taisteal nó dul chun cónaithe i mBallstát eile.

Déanfar do chearta cónaithe mar náisiúnaigh tríú tír a shocrú le reachtaíocht náisiúnta agus le treoracha ón Aontas maidir le hinimirce dhlíthiúil. (Féach an chéad cheist eile freisin)

## Cad ba cheart dom a dhéanamh más mian liom leanúint de bheith i mo chónaí san Aontas?

Ba cheart go mbeadh na Ballstáit uile faoi réir ceadanna cónaithe a eisiúint mar fhianaise ar do cheart fanacht sa Bhallstát sin agus ar do cheart chun oibre. Is féidir gur ceadanna sealadacha a bheidh sna ceadanna sin ar feadh idirthréimhse, ach ba cheart go dtiocfadh ceadanna críochnaitheacha ina n-áit diaidh ar ndiaidh i bhformáid aonfhoirmeach an Aontais. Mar sin féin, is féidir go mbeidh ort roinnt beart riaracháin a dhéanamh, ag brath ar an gcur chuige a roghnóidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ort. Féach an forléargas ar na bearta atá á ndéanamh ag na Ballstáit ar Shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh faoi Ullmhacht le haghaidh Brexit[1] a choinnítear bord ar bhord leis an aimsir.

Más rud é go raibh cónaí dlíthiúil leanúnach ort i mBallstát roimhe seo ar feadh tréimhse cúig bliana nó níos mó agus go gcomhlíonann tú na coinníollacha ábhartha, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an stádas cónaitheora fhadtéarmaigh.[2]. Más rud é go raibh cónaí ort roimhe seo i mBallstát den Aontas ar feadh tréimhse níos lú ná cúig bliana, is amhlaidh a áireoidh formhór na mBallstát na tréimhsí cónaithe dlíthiúla sa Bhallstáit sin i ríomh na tréimhse cúig bliana. Féadfaidh roinnt Ballstát glacadh le hiarratais ar na ceadanna cónaithe sin roimh dháta an tarraingt siar.

[1] https://ec.europa.eu/info/brexit/brexit-preparedness/residence-rights-uk-nationals-eu-member-states_ga

[2] Treoir 2003/109/CE ón gComhairle maidir le stádas na náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad. Féach nach bhfuil feidhm ag an Treoir seo in Éirinn ná sa Danmhairg.



## Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé. Cén stádas a bheidh ag mo bhaill teaghlaigh, ar náisiúnaigh tríú tír iad,[3] a bhfuil cónaí orthu i mBallstát den Aontas Eorpach?

Do bhaill teaghlaigh ar náisiúnaigh tríú tír iad, ní bheidh na cearta acu a thuilleadh a bhí acu faoi rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht[4]. Ní bheidh siad in ann talamh slán a dhéanamh de chearta saorghluaiseachta a bheith acu san Aontas Eorpach, fiú amháin má tá cearta buanchónaithe acu i gcomhréir le Treoir an Aontais maidir le saorghluaiseacht roimh dháta an tarraingt siar. Déanfar a stádas a shocrú le reachtaíocht náisiúnta agus le rialacha an Aontais maidir le hathaontú teaghlaigh[5].

**Seicliosta le haghaidh náisiúnach den Ríocht Aontaithe agus a mball teaghlaigh ó thríú tír:**

- Mura bhfuil sé déanta agat roimhe seo, **cláraigh le húdaráis náisiúnta**[6] an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ort agus faigh deimhniú clárúcháin (i gcás náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, más infheidhme) nó cárta cónaithe (i gcás ball teaghlaigh ó thríú tír).
- **Faigh amach cad iad na bearta atá á gcur ar bun ag do Bhallstát cónaithe chun cearta cónaithe leanúnacha a chinntiú do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu sa Bhallstát sin** (a mbaill teaghlaigh san áireamh) agus cad é an clár ama maidir lena gcur chun feidhme. Tá tuilleadh eolais faoin ullmhúchán leanúnach atá á dhéanamh ag na Ballstáit le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh faoi Ullmhacht le haghaidh Brexit [7]. Téigh i dteagmháil le húdaráis náisiúnta ábhartha do Bhallstáit cónaithe chun tuilleadh eolais a fháil.
- **Faigh na doiciméid chónaithe** ó na húdaráis náisiúnta ábhartha a luaithe a bheidh siad ar fáil. Tá sé tábhachtach na doiciméid sin a bheith agat agus tú ag taisteal thar lear.



## Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé. Cad iad na cearta a bheidh agam maidir le hobair agus le slándáil shóisialta i mBallstát den Aontas Eorpach?

I gcás Brexit gan mhargadh, ní bheidh na cearta agatsa ná ag do bhaill teaghlaigh a bhí agaibh faoi Threoir an Aontais maidir le saorghluaiseacht tráth a bhí an Ríocht Aontaithe ina Ballstát den Aontas Eorpach, ní bheidh na cearta sin agaibh a thuilleadh. Rialófar bhur gcás de réir rialacha an Aontais maidir le náisiúnaigh tríú tír agus de réir rialacha náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Bíodh is nach mar a chéile a bheidh gach uile chás ó Bhallstát go chéile, is iomaí sin Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige stádas fabhrach a thabhairt do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe faoina reachtaíocht náisiúnta. I gcás nach bhfuil sin amhlaidh, ní foláir duit na coinníollacha sonracha arna leagan amach faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus faoin dlí náisiúnta maidir le náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonadh ionas gur féidir leat leanúint de bheith i do chónaí agus de bheith ag obair i mBallstát. Féadfaidh sé, freisin, go dtiocfaidh athrú ar do chearta slándála.

Tá tuilleadh eolais faoi rialacha an Aontais agus faoi na rialacha náisiúnta maidir le hinimirce is infheidhme i leith náisiúnach tríú tír sna Ballstáit ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh [8] agus ar Thairseach Inimirce an Aontais[9].

---

3 Baill teaghlaigh ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad nó ar náisiúnaigh tríú tír eile iad.

4 Tá cás amháin inar féidir le baill teaghlaigh tríú tír cead cónaithe a choinneáil ina mBallstát óstach faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht tar éis dháta an tarraingt siar: más rud é gur dícheanglaíodh a gceart cónaithe de cheart an náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe (a bhí ina shaoránach den Aontas an uair sin) roimh dháta an tarraingt siar sa chaoi gur ceart neamhspleách cónaithe atá ann anois. Is féidir gur mar sin a bheidh i gcás ina bhfuair an ball teaghlaigh ar náisiúnach den Ríocht Aontaithe é bás nó i gcás colscaradh.

5 Treoir 2003/86/CE ón gComhairle maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh.

6 https://europa.eu/youreurope/citizens/national-contact-points/index_ga.htm?topic=living-abroad

7 https://ec.europa.eu/info/brexit/brexit-preparedness/residence-rights-uk-nationals-eu-member-states_ga

8 https://ec.europa.eu/home-affairs/what-we-do/policies/legal-migration_en

9 https://ec.europa.eu/immigration

Moltar na bearta seo a leanas duit ó tharla gur náisiúnach den Ríocht Aontaithe thú a bhfuil cónaí ort san Aontas Eorpach:

- eolas a lorg ó údaráis an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ort faoi na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le leanúint de bheith i do chónaí agus de bheith ag obair ann;
- cruthúnas a fháil maidir leis na tréimhsí oibre, tréimhsí cónaithe agus tréimhsí staidéir sa stát ina bhfuil cónaí ort mar aon le cruthúnas maidir le ranníocaíochtaí cánach;
- iarratas a dhéanamh láithreach ar stádas inimirce sealadach nó buan faoi na rialacha náisiúnta maidir leis an inimirce.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag Ceisteanna agus Freagraí faoi na himpleachtaí a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach gan comhaontú daingnithe um Tharraingt Siar[10].

## Cén stádas a bheidh agam más náisiúnach den Ríocht Aontaithe agus náisiúnach de Bhallstát den Aontais araon mé?

Más rud é go bhfuil idir náisiúntacht na Ríochta Aontaithe agus náisiúntacht Ballstáit agat, leanfaidh tú de bheith i do shaoránach den Aontas de bharr náisiúntacht Ballstáit a bheith agat. Ní bheidh aon cheal ar do cheart chun gluaiseachta ná chun cónaithe faoi shaoirse faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht.

*Sampla:* Cuir i gcás gur duine thú a bhfuil idir náisiúntacht na Ríochta Aontaithe agus náisiúntacht na Spáinne agat agus go bhfuil tú i mbun staidéir sa Fhrainc. Tar éis an tarraingt siar, beidh an ceart go fóill agat cónaí sa Fhrainc agus staidéar a dhéanamh inti faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht toisc gur saoránach den Aontas go fóill thú.

## Cén stádas a bheidh agam agus mé i mo náisiúnach den Ríocht Aontaithe a bhfuil cónaí orm i mBallstát den Aontas agus ar ball teaghlaigh saoránaigh den Aontas Eorpach mé?

Tá sé sin ag brath ar cé acu atá cónaí ar an saoránach den Aontas ar ball teaghlaigh leis thú (e.g. do chéile) i mBallstát ar náisiúnach den Bhallstát sin é, nó nach bhfuil.

Saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air/uirthi i mBallstát eile seachas an Ballstát ar náisiúnach de é/í, is "saoránach soghluaiste den Aontas" é/í. Más ball teaghlaigh le "saoránach soghluaiste den Aontais" thú, beidh cearta saorghluaiseachta agat a eascraíonn as cearta an tsaoránaigh shoghluaiste den Aontais[11].

*Sampla:* Tá náisiúnach den Ríocht Aontaithe pósta ar shaoránach den tSeic. Bhí an bheirt acu ag obair sa Ghearmáin roimh an tarraingt siar agus bhí an ceart chun cónaithe inti acu faoi Threoir an Aontais maidir le saorghluaiseacht faoina n-ainm féin. Tar éis dháta an tarraingt siar, is féidir leis an náisiúnach den Ríocht Aontaithe fanacht agus leanúint de bheith ag obair mar a dhéanfadh ball teaghlaigh saoránaigh shoghluaiste den Ríocht Aontaithe eile (ar náisiúnach tríú tír an ball teaghlaigh sin).

I gcásanna áirithe, féadfaidh feidhm a bheith leis sin freisin sa Bhallstát ar náisiúnach de an saoránach den Aontas, ar an gcoinníoll go bhfuil an saoránach sin tar éis filleadh air ó Bhallstát eile ina raibh cónaí air.

Mar sin féin, ní bheidh cearta agat faoi rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht má tá tú i do bhall teaghlaigh ag saoránach den Aontas ar náisiúnach den Bhallstát ina bhfuil cónaí ort é agus nár bhain leas riamh as cearta chun saorghluaiseachta (i.e. saoránach neamh-shoghluaiste den Aontas). Déanfar do chearta a shocrú le reachtaíocht náisiúnta maidir le hinimirce.

[10] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/contingency-qanda_en.pdf

[11] Caithfidh an cóngas gaoil leis an náisiúnach den Riocht Aontaithe a bheith ann cheana ón uair a bhí cónaí ar an saoránach den Aontas i mBallstát eile.

## Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé a bhfuil cónaí orm i mBallstát den Aontas Eorpach. An mbeidh mé fós in ann vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin áitiúla?

Amhail ó dháta an tarraingt siar, faoi dhlí an Aontais ní bheidh cead vótála agat a thuilleadh i dtoghcháin áitiúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ort.

Faoi gach Ballstát atá sé a chinneadh an bhfuil cead agat páirt a ghlacadh i dtoghcháin áitiúla mar náisiúnach tríú tír agus cad iad na coinníollacha faoina ndéanfar sin. Mar sin de, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil cónaí ort a chinneadh cearta toghcháin a thabhairt duit faoi mar a thabharfaí d'aon náisiúnach tríú tír eile nó ar bhonn na cómhalartachta. Ní mór duit a fháil amach ón mBallstát ina bhfuil cónaí ort an bhfuil cearta vótála agat i dtoghcháin áitiúla.

Más rud é gur toghadh thú i ndáil le feidhm shonrach sa rialtas áitiúil sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ort, ní mór duit a fhíorú leis na húdaráis inniúla sa Bhallstát sin an bhfuil tú i dteideal leanúint d'fhónamh go dtí deireadh na tréimhse oifige de bhun dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin.

## Is náisiúnach den Ríocht Aontaithe mé a bhfuil cónaí orm i mBallstát den Aontas Eorpach. An mbeidh mé fós in ann vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa?

Agus tú i do náisiúnach den Ríocht Aontaithe, ní bheidh sé de cheart agat a thuilleadh vóta a chaitheamh nó seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa faoi dhlí an Aontais amhail ó dháta an tarraingt siar. Chomh fada le toghcháin áitiúla de, áfach, féadfaidh sé go mbeidh an ceart sin fós agat i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta.

Oifig na bhFoilseachán

© An tAontas Eorpach, 2019
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-76-00531-5 | doi:10.2775/074122 | NA-03-19-141-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-76-00550-6 | doi:10.2775/987625 | NA-03-19-141-GA-N |